Teachtaireacht Speisialta don Ghaeltacht

Sí Caint na Gaeltacta an Teanga Ḃeo

Agus Sí Atá á Saoṫrú sa Teanglann i Rinn Mic Gormain

I DTUAIRISC FAOI LEITH A SHOLATHRAIGH AN tATHAIR COLMAN O HUALLACHAIN, COMHAIRLEOIR LE TEANGACHA DON ROINN OIDEACHAIS AGUS STIURTHOIR AR AN TEANGLANN, RINN MHIC GORMAIN, TUGANN SY AN t-EOLAS SEO LEANAS MAR GHEALL AR AN INSTITIUID A BHEANNAIGH AN CAIRDINEAL DE DOMHNAIGH AGUS MAR GHEALL AR AN OBAIR ATA AR SIUL SAN AIT.

Aithnítear ar fud an domhain inniu nach bhfuil aon bhonn ceart le teanga a mhúineadh ach amháin bonn na cainte FAOI MAR ATA SI AG AN gCAINTEOIR O DHUCHAS.

Tá treallamh agus teicnícеanna nua ar fáil le tamall beag de bhlianta anuas á fhágann ar ár gcumas anois in Eirinn an bonn sin a chur le múineadh na Gaeilge ar bhealach níos éifeachtúla ná mar a déanadh riamh.

Tuigeadh riamh an tábhacht a bhain leis na nGaeilge faoi mar atá sí ar bhéala na gcainteoirí ó dhóchas ar fud na nGaeltachtaí go léir. Ní raibh sé chomh furasta sin an Ghaeilge sin a thabhairt go beo isteach i scoileanna ná in aon áit eile san nGaltlacht ina raibh Gaeilge le múineadh.

De dhá bhliain anuas tá ar ár gcumas in Eirinn tosnú le é sin a dhéanamh ar shlí níos éifeachtúla.

CAINT BHEO

Seo an bealach a cuireadh chun oibre. Bailíodh na céadta de ghnáth-chómhráite idir muintir na Gaeltachta, idir óg agus sean, i dTír Chonaill, i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan.

De bharr an bhailiúcháin seo tá ar stór anois againn chomh maith leis an saibhreas iontach Gaeilge atá ag Coimisiún Bealoideasa Éireann, ciste eile de ghnáthchaint an phobail ina dteaghlaigh féin agus le linn caitheamh aimsire dóibh. Go dtí go raibh téip-thaifeadáin bheaga éifeachtúla ar fáil níorbh fhéidir a leithéid seo de bhailiú a dhéanamh go tapa.

Ní amháin go bhfuil na hinnill áisiúla nua mar chabhair againn ach tá slite nua chun an chaint a bailíodh mar sin a scrúdú. Scríobh síos an chaint go díreach faoi mar bhí sí ar na téipeanna. Ansin do líonadh isteach ar gach lámhscríbhinn comharthaí i bhfigiúirí agus i litreacha agus clódh gach píosa den chaint ar na céadta de chartaí go raibh na huimhreacha agus na litreacha sin ag gabháil leo.

Is ag an bpoinnte seo is mó a cuireadh áiseanna nua-aoiseacha ag freastal go fíor ar shaibhreas Ghaeilge na Gaeiltachta faoi mar a labhraíodh ag an bpobal í. Cuireadh na céadta míle de chartaí dtrí innill IBM (International Business Machines) i mBaile Átha Cliath agus bailíodh le chéile na saghasanna cainte, na saghasanna briathra, na haimsirí agus uile is mó a bhíonn ag teastáil le Gaeilge a thuiscint go cruinn ó chainteoir agus le Gaeilge a labhairt ar ais go cruinn blasta leo.

GAN MEASCADH

Tugtar faoi deara gur féidir cúrsaí a bhunú ar an eolas seo nach mbeadh iontu ach an Ghaeilge ó aon cheantar amháin—cúige Uladh cuir i gcás, nó cúige Chonnacht, nó cúige Mumhan. Níl sé i gceist beag ná mór go ndéanfaí aon mheascán maidir leis na rudaí bunúsacha a bhaineann le oidhreacht iomlán na Gaeilge faoi mar atá sí go beo ar bhéal na ndaoine. Rud eile, níl aon ábhar ar bith dá scrúdú nár glacadh é le caint nádurtha ó na daoine.

Nuair a bheidh an scagadh iomlán déanta ar shaibhreas sin na Gaeilge atá curtha ar fáil go fial dúinn ag ár gcairde ins na Gaeltachtaí agus ag comhoibreoirí dílse, beidh ar ár gcumas faoi dheireadh méid bhunúsach Gaeilge a mholadh le múineadh ins na scoileanna. An cineél Gaeilge sin a ligfidh saibhreas na Gaeltachta faoi dheireadh amach ar fud na Galltachta.

GAEILGE NA GAELTACHTA

Is é ár ndóchas má éiríonn linn ár bpleananna a chur i ngníomh go mbeidh Gaeilge na Gaeltachta go fíor le fáil mar sin go héasca ag muintir na hÉireann ar fad sa bhliain go mbeidh iúbaile na Cásca á cheiliúradh ag Éirinn. Má d'aiséirí Éire de bharr íobairt an Phiarsaigh agus Mhic Easmainn agus na laochra a chreid sa nGaeilge i 1916 is cóir go ndéanaimís aithris orthu de réir modhanna ár n-aimsire féin caoga bliain ina dhiaidh sin agus gach uile rud dá bhfuil ag an nGaeltacht le tabhairt don tír a bheith mar bhonn againn le aiséirí go fíor na teanga.

Tugtar faoi deara nach bhfuil i gceist in aon chuid den obair sin athrú bunúsach a dhéanamh ar mhodhanna oibre na múinteoirí. Sé an rud atá i gceist go gcuirfear i lámha na múinteoirí uirlisí agus ábhar múinteoireachta a bheidh go fíor de réir Gaeilge na Gaeltachta, de réir caint na Gaeltachta.

Mar stiúrthóir ar an obair seo is maith liom an chaoi a fháil trí pháipéar na Gaeltachta, Amárach, a dhearbhú nach bhfuil aon chreideamh eile agamsa agus nach raibh riamh seachas é seo: gur le dílseacht do Ghaeilge an phobail a choinnigh an Ghaeilge beo sea a shábháilfidh muid an oidhreacht go léir atá ag gabháil leis an nGaeilge sin.

BA BHEAG AN MAITHEAS DÚINN LITRÍOCHT SCRÍOFA, BA BHEAG AN MAITHEAS DÚINN GRAMADACH ORDÚIL, BA BHEAG AN MAITHEAS DÚINN LITRIÚ AGUS LEAGAN AMACH COMHIONANN, DÁ MBEADH AN BHEATHA BAINTE AS AN nGAEILGE.

Tá an bheatha i labhairt na Gaeilge. Agus siad muintir na Gaeltachta a labhraíonn an Ghaeilge. Is chucu siúd is féidir linn dul ar scoil anois ar bhealach níos éifeachtúla ná mar déanadh riamh.

Is pribhléid dúinn go bhfuil an scéal amhlaidh agus go leanfaidh sé mar sin go dtí go mbeidh roinn éigin dá saibrreas Gaeilge leathnaithe amach as an nGaeltacht go dtí an uile chuid eile don tír seo.

Polltóirí Cartaí

Tá 114 polltóirí cártaí fostaiṫe san Stát-seirbís. Fostaíoḋ iad gan scrúdú agus níl buan ṗost acu.

Tuairim Luċt Iolscoile

Ní Ḟuair an Ġaeltaċt a Ċeart Fós

Cuma Céard Deirtear ní Féidir Aiṫḃeoċan Gan Gaeltaċt

Is cosúil gur fíor ṫar amhras ar biṫ, an rud a bíoṫar ag tabairt leide faoi ar "Amáraċ" ó am go h-am le sé mí anuas.

Sé an rud é nó go bhfuil plean nó tuiscint cinnte ann imeasc Gaeilgeoirí nua agus luċt aiṫḃeoċána gur féidir an Ġaeilge a ṫabairt 'un cinn gan an Ġaeltaċt, feasta.

Noċtaítear é seo go h-an tsoiléir in léaċt a ṫug Reaċtaire an Ċumann Gaeliaí i gCorcaí le déanaí.

Insan léaċt seo, cúsaíonn sé luċt aiṫḃeoċána atá ag iarraiḋ an aiṫḃeoċána a ṫabairt i gcríċ gan an Ġaeltaċt agus noċtaíonn sé gurb í an Ġaeltaċt an ċuid is tábaċtaí de na buntaistí atá ann fá ċoinne an teanga Ġaeilge a ṫabairt arais.

"Is fiú scéal na Gaeltaċta a ṫarraingt ċugainn mar tá mé cinnte naċ bhfuil aon rab indán do ċúis na h-aiṫḃeoċána má ċailltear an Ġaeltaċt. Agus muna ndéantar rud éigin go lua beiḋ an Ġaeltaċt caillte."

Sin é an rud adeir Nollaig Uasal Ó Gaḋra, i léaċt oifigiúil, tá cúpla seaċtain ó ṡoin.

Sé an brí atá aige le Gaeltaċt, ná ceantar ina bhfuil cantúint ar biṫ den teanga Ġaeilge á labairt mar gná-ṫeanga ag an bpobal ann. Ar ndóiġe, tá an ceart aige, sin é an focal bríoṁar — gnáṫeanga. Agus tá a lán lán de limistéirí na Gaeltaċta naċ bhfuil an Ġaeilge mar ġná ṫeanga iontú.

Ṫarraing sé roinnt figiúirí ċuige. Sa bliain 1851 taréis na Gorta, bí 23 p.c. de na daoine a raiḃ an Ġaeilge mar ġnáṫeanga acu — sin 1,524,286 ar fad. Bí 319,602 díoba sin naċ raiḃ Béarla ar biṫ acu.

San am céanna, ní ceart barraíoċt meaċan a leagann ar na figiúirí seo. San am sin, ba ṁór ag duine ar biṫ a rá naċ raiḃ Béarla aige, agus fiú amáin cúpla focal, ċuirfidís síos go raiḃ Béarla ag daoine, agus ní raiḃ fonn ar biṫ ar ḋaoine ligint orṫa go raiḃ Gaeilge acu. Déarfainn féin, insan am sin taréis na Gorta, gur dóiċe go raiḃ, ar a laġad ḋá oiread daoine a raiḃ an Ġaeilge go maiṫ acu.

Tá Ordú na Limistéirí Gaeltaċta, 1956, lán ċom loċtaċ ar an taoḃ eile den scéal, mar is sean eolas anois, fiú amáin im-easc cúrsaí polaitíoċta go bhfuil ceantraċa móra, mar ṡompla, i Muiġeo Ṫuaiḋ, atá curṫa isteaċ leis an Ġaeltaċt ar cúiseanna poiliticiúla.

Ar an ċúis céanna, is léir, nó tá sé ar eolas anois go bhfuiltear ag tabairt deontaisí na Gaeltaċta ċom fada amaċ ó'n Ġaeltaċt le Cill Orglain i gCo. Ċiarraí. Fiú nuair a ḋiúltaiġ oifigeoirí coinsiasaċ na páipéirí a ṡíniú díoba.

Ní miste na figiúirí a tugtar san Ṗáipéar Ḃán a ċeistniú san dóiġ céanna. Tugann an tUasal Ó Gaḋra iad mar seo:—

Gná-ċainteoirí dúċais:	
Dún na nGall	26,457
Gaillim	22,877
Corcaí	3,487
Muiġeo	16,275
Ciarraí	8,736
Portláirge	792

Níl aon baol ar 16,275 cainteoirí dúċais arḃ í an Ġaeilg a ngná-ṫeanga a beiṫ i gConḋae Ṁuiġeo. B'ḟéidir naċ mbeaḋ ṫar an ceaṫrú cuid den méid sin a bhfuil an Ġaeilge mar ġnáṫeanga acu.

Deir an tUasal Ó Gaḋra naċ bhfuil buntáiste ar biṫ ag an Ġaeltaċt aċ amáin go bhfuil tacaíoċt Stáit leo. Leanann sé:

"Muna mbíonn an tacaíoċt sin oiriúnaċ, ceart, tuiscionaċ agus ní raiḃ sé sásúil go leor go dtí seo, níl indán don Ġaeltaċt aċ bás ḟáil cosúil leis an Ġaeilge in Albain, agus i gCanada. Tá seo tuigṫe go maiṫ ag luċt teang-eolaíoċ. Tá sé tuigṫe ag níos mó ná luċt teang-eolaíoċta. Tá sé tuigṫe ag luċt na Gaeilge le fada an lá, agus iad a' ḋéanaṁ a ndíċeall le sin a ċur in iúl do ġnáṗobal na tíre." Caiṫfiḋ dream éigin an obair sin a ġlacaḋ as láiṁ le déanaṁ i mBéarla. Tá sé déanta ċom fada agus is féidir ag Muintir na Gaeltaċta leis an pobal a léiġeas Gaeilge.

Corca Duiḃne

Measann an tUasal Ó Gaḋra, go bhfuil Gaeltaċt Corca Duiḃne, níos láidre in áiteaċa, ar aon ċuma, anois ná mar a bí fiċe bliain ó ṡin, sul ar tosaíoḋ ar scéim na bpuntaí. Tá ḋá ṫaoḃ ar an scéal sin. B'ḟéidir go bhfuil an Ġaeilge á labairt níos buaine aċ níl an pobal ċom buan.

I gConamara, atá an Ġaeltaċt is tábaċtaí san tír adeir sé, agus ar ndóiġe tá cúiseanna leis an tuairim sin.

Tírċonaill

Faoi Tírċonaill, deir sé gurb é sin an t-aon áit amáin a ndéaċa méadú ar ċéad-ċodán na gcainteoirí ó ḋúċais idir 1851 agus 1891. Ċuaiġ sé i méid ó 28.7 go dtí 38.4.

Measann sé go bhfuil neaṁspleaċas agus dul ar aġaiḋ neaṁ ċoitianta ag baint le Muintir na Gaeltaċta i dTírċonaill, agus go gclaon siad lena dteanga trí ḋílseaċt di níos mó ná pobal na nGaeltaċtaí eile. Aċ, i dTírċonaill, san am i láṫair, tá an Ġaeltaċt ḋá scrios agus ḋá díṫú de ṫairḃe easpa daoine.

Leanann sé:—

"Sé an ceaċt is tábaċtaí atá le foġlaim as dar liom, ná gur rud beo nádúrṫa í an Ġaeltaċt atá ag fáil báis toisc toscaí áiriṫe a beiṫ ag oibriú ina ċoinne aċ rud is féidir linn a ṡábáil aċ cur ċuige. Freisin, is dóiġ liom gur féidir a rá le cinnteaċt, naċ mbeaḋ Gaeltaċt ar biṫ fáġṫa faoi seo, maraċ iarraċt na haṫḃeoċána. Ní miste ceist a ċur mar sin féin. Cad tá an aiṫḃeoċaint a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt i láṫair na huaire?

D'ġóidir go bhfuil an ceart aige nuair adeir sé go bhfuil an Ġaeilge i bfad níos láidre ag Cuas a Ḃodaiġ i gCorca Duiḃne, ná mar a bí sí daċad bliain í ṡin. Aċ, is rud artifisialta an láidriú sin. Rud a bhfuil na rútaí bainte amaċ as faoi leis an imirce.

Rataí Ro-ṁóra Muiġeo

Bí Seosaṁ Ó Lionaċáin, T.D., Miċeál De Brúin agus Annraoi Ó Cionnaiṫ i láṫair ag cruinniú poiblí faoi cúrsaí rátaí Ṁuiġeo nuair a toġaḋ coiste deiċniúr le feaċtas na condae fá ċoinne coṫrom na féinne i gcúrsaí rátaí do ṫreorú, agus bí ionadaiṫe i láṫair óna húdaráisí áitiúla, coistí tráċtála, ceard ċumainn agus coistí forbarṫa, nuai r a cinneaḋ ar iarraiḋ ar an Rialtas deontas speisialta £140,000 a ṫabairt le ráta Condae Ṁuiġeo a ṫabairt anuas go dtí meán - ráta na tíre ar fad.

B'é an meán-ráta don tír ar fad anuraiḋ, ná 52s. agus i mbliana táṫar ag iarraiḋ 80s. ó ráta-íocóirí Ṁuiġeo.

Fuarṫas teaċtaireaċtaí leiṫscéala ó Seosaṁ Blabaic (C. na T.), Seán Ó Flanagain (F.F.) ⁊ Feilim Mac Giolla Laoire (F.F.). Ina gcuid litreaċa, ġeall siad tacaíoċt don ġluaiseaċt.

Taréis an ċruinniṫe, dúirt Seán Mac Aoḋbuí, rúnaí Cumann Coiste Cosanta an Iarṫair, a d'éagraiġ an cruinniú, go raiḃ na cainteanna sásúil: "Measaimíd gur ċeart dúinne mar an ċondae is airle rátaí sa tír tús a déanaṁ insan gnó seo."

Port na Gaillime

Níl an obair glanta ⁊ forbarṫa i gCuan na Gaillime ag dul ar aġaiḋ ċom tapaí agus a measaḋ, agus tá baol ann anois go gcaillfiḋ Gaillim onnṁuiriú an óir ó Tynagh. Muna ndéantar brostú leis an obair. Ċuir an Comluċt Gearmánaċ atá i mbun onnṁuiriú an óir, telegram le déanaí ċuig Rúnaí, Coiste an Ċuain ḋá rá seo leo.